C/2026/2778

29.5.2026

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2778)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

**'Fara':**

**Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1178-AM03 — 2.3.2026**

1. **Ainm an táirge**

'Fara':

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

*Ainm*

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnímid go gcomhlíonann an formheas ar an leasú caighdeánach seo agus an teachtaireacht maidir leis na coinníollacha chun leasú caighdeánach a fhormheas faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha a glacadh dá bhun sin.

Tagann an leasú seo faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc:

— nach bhfuil i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

— nach bhfuil baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— nach bhfuil i gceist leis srianta breise ar mhargú i gceist leis

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta

*Teideal*

Teidil na mbardas a cheartú

*Tuairisc*

Sa tsonraíocht táirge, ceartaíodh roinnt teideal airteagal chun iad a thabhairt i gcomhréir leis an tsonraíocht chaighdeánach.

Baineann an leasú le hAirteagail 2, 4, 5, 6, 8 agus 9 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Cion sa chumasc de chineálacha fíniúna agus de chineálacha comhlántacha

*Tuairisc*

Leasaíodh an cumasc de chineálacha fíniúna. Roimhe seo ba é an ceanglas go mbeadh cion Nebbiolo idir 50 % agus 70 %. Tá an cion íosta socraithe anois ag 60 %. Dá bhrí sin, ceadaítear cineálacha fíniúna comhlántacha suas le 40 % ar a mhéad. Maidir leis na cineálacha finiúna comhlántacha is féidir a úsáid, ní hiad na cineálacha fíniúna uile iad a thuilleadh atá oiriúnach lena saothrú i réigiún Piedmont, ní féidir ach Vespolina agus Uva Rara a úsáid.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Airde na bhfíonghort

*Tuairisc*

Ardaíodh airde íosta na bhfíonghort ó 180 méadar go 200 méadar os cionn leibhéal na mara.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Uastáirgeacht

*Tuairisc*

Athscríobhadh an t-airteagal iomlán a bhaineann le rialacha fíonsaothrúcháin, táirgeacht agus saintréithe cáilíochta na bhfíonchaor ar mhaithe le soiléireacht níos fearr. Ina theannta sin, íslíodh an táirgeacht. Go sonrach, laghdaíodh an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir le haghaidh fíonchaora a fhástar go speisialta le haghaidh an chineáil fíona chaighdeánaigh ó 10,00 go 9,00 tona in aghaidh an heicteáir. I gcás an chineáil fíona ar a bhfuil an téarma 'Riserva', laghdaíodh é ó 9,00 go 8,10.

Déanann an leasú difear d'Airteagal 4 den tsonraíocht táirge agus do Roinn 7.2 ('Uastáirgeacht') den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

*Tuairisc*

Méadaíodh neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte an fhíona chaighdeánaigh ó 11,50 % go dtí 12,00 %. I gcás an chineáil fíona ar a bhfuil an téarma 'Riserva', méadaíodh é ó 12,00 % go 12,50 %.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Bliain plandaithe na bhfíonghort le haghaidh an chineáil fíona ar a bhfuil an téarma 'Vigna'

*Tuairisc*

Laghdaíodh an aois plandaithe íosta le haghaidh an chineáil fíona ar a bhfuil an téarma 'Vigna' ó 5 bliana go 3 bliana.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Uastáirgeacht na bhfíonchaor san fhíon críochnaithe

*Tuairisc*

Mar gheall ar an laghdú ar uastáirgeacht na bhfíonchaor in aghaidh an heicteáir, laghdaíodh uastáirgeacht na bhfíonchaor san fhíon críochnaithe ó 7 000 go 6 300 lítear le haghaidh an chineáil fíona chaighdeánaigh, agus ó 6 300 go 5 670 lítear le haghaidh an chineáil fíona ar a bhfuil an téarma 'Riserva'.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

Uastáirgeacht fíonchaor/fíona ag deireadh na tréimhse aosaithe

*Tuairisc*

Socraíodh uasteorainn le haghaidh mhéid na táirgeachta fíonchaor a thiontaítear ina fhíon ag deireadh na tréimhse sainordaithí aosaithe: níor cheart í a bheith níos mó ná 68 %. Cinntear leis sin ina dhiaidh sin an táirgeadh uasta fíona i lítir in aghaidh an heicteáir, le haghaidh an chineáil chaighdeánaigh fíona agus an chineáil ar a bhfuil an téarma 'Riserva' araon.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Bairillí a bharrlíonadh

*Tuairisc*

Maidir leis an tréimhse aosaithe, sonraíodh go gceadaítear barrlíonadh le fíon coibhéiseach, lena n-áirítear fíon a stóráiltear i gcineálacha eile coimeádán, chun an méid táirgeachta sonraithe a bhaint amach.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Téarmaí lipéadaithe ceadaithe

*Tuairisc*

Maidir le téarmaí lipéadaithe ceadaithe, Airteagal 7(2), athraíodh foclaíocht an téacs seo a leanas:

'2. Sa tuairisc ar an bhfíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint "Fara", agus ina chur i láthair, ceadaítear foclaíocht a úsáid a thagraíonn d'ainmneacha, d'ainmneacha gnó agus do bhrandaí príobháideacha ar choinníoll nach de chineál moltach iad agus nach dócha go gcuirfidh siad an tomhaltóir amú'.

Is éard atá sa leagan nua:

'Tá cead, áfach, foclaíocht a úsáid a thagraíonn d'ainmneacha, ainmneacha gnó agus brandaí príobháideacha nach bhfuil de chineál moltach agus nach dócha go gcuirfidh siad an tomhaltóir amú.'

Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Nasc leis an limistéar geografach

*Tuairisc*

Tugadh an t-airteagal maidir leis an nasc leis an timpeallacht gheografach cothrom le dáta agus athscríobhadh é ar mhaithe le soiléireacht níos fearr. Cuireadh an leagan nua, dá réir sin, san áireamh sa doiciméad aonair.

Baineann na leasuithe le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 10 'Nasc leis an limistéar geografach' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

An tagairt don chomhlacht rialúcháin a scriosadh.

*Tuairisc*

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Ceartúcháin eagarthóireachta

*Tuairisc*

Laistigh den tsonraíocht táirge, rinneadh ceartúcháin eagarthóireachta chun soiléireacht an téacs a fheabhsú agus chun botúin a bhaint. Go sonrach, baineann na leasuithe leis an méid seo a leanas:

— an frása 'Fara' le 'fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Fara agus Fara Riserva' a áireamh in Airteagal 2;

— an téarma earráideach 'Bonarda Novarese' a bhaint mar chomhchiallach ar 'Uva Rara' sa dara mír d'Airteagal 2;

— an fhoclaíocht 'ó fhíonchaora de chineálacha a bunaíodh ar ghabháltas an chineáil' a chur in ionad na foclaíochta 'ar ghabháltas na bhfíonchaor ó na cineálacha seo'

— tagairtí do rialacha atá as dáta a bhaint, ar cuireadh tagairt do 'rialacháin atá i bhfeidhm' ina n-ionad in Airteagail 5 agus 7;

— an téarma 'baisc', atá níos cruinne, a chur in ionad an téarma 'táirge' in Airteagal 5;

— an téarma áirithe 'ar a bhfuil an téarma Vigna freisin' a chur isteach agus an téarma 'cumhrán' a bhaint de mhír 2 d'Airteagal 6;

— 'Fara de gach cineál dá chuid' a chur in ionad 'Fara agus Fara Riserva' in Airteagail 7 agus 8;

— in Airteagal 7, cuireadh 'tuairisc seachas na cinn a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo' in ionad an fhrása 'tuairisc seachas Riserva'.

Baineann an leasú le hAirteagail 2, 5, 6, 7 agus 8 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

Scriosadh na míreanna a bhfuil míreanna nua curtha ina n-ionad

*Tuairisc*

Scriosadh mír 4, mír 5 agus mír 6 d'Airteagal 4 agus mír 3 d'Airteagal 6 toisc nach raibh gá leo.

Baineann an leasú le hAirteagail 4 agus 6 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Pacáistíocht agus toilleadh ceadaithe

*Tuairisc*

Cuireadh athfhriotal ar fhoclaíocht ar an airteagal maidir le pacáistiú chun cruthanna ceadaithe agus dúntáin cheadaithe na mbuidéal a shonrú agus chun toilleadh ceadaithe na mbuidéal a mhéadú.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge agus le roinn 11 'Ceanglais bhreise is infheidhme' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon**

**'Fara':**

**Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1178-AM03 — 2.3.2026**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Fara':

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

*Táirge fíniúna*

Fara, lena n-áirítear Fara a bhfuil an téarma 'Vigna' air

*Tréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Dath: dath an rúibín;

Dea-bholadh

Boladh: cumhrán éadrom agus deas pléisiúrtha;

Blas

Blas: tirim, an-bhlasta, comhchuí.

*Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha*

—

*Saintréithe anailíseacha*

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | — |
| Aigéadacht iomlán íosta: | 4.5 |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | — |

*Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha*

Neart alcóil iomlán uasta: 12,00 %;

'Fara':

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 ghram in aghaidh an lítir.

'Fara' a bhfuil an téarma 'Vigna' air:

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 ghram in aghaidh an lítir.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

*Táirge fíniúna*

Fara, lena n-áirítear Fara a bhfuil an téarma 'Vigna' air

*Tréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Dath: dath an rúibín lena mbaineann imireacha gairnéid éadroma;

Dea-bholadh

Boladh: saintréitheach, fíneálta, pléisiúrtha;

Blas

Blas: tirim, an-bhlasta, comhchuí.

*Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha*

—

*Saintréithe anailíseacha*

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | — |
| Aigéadacht iomlán íosta: | 5.0 |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | — |

*Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha*

— íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 12,50

— eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 gram in aghaidh an lítir.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. Cleachtais fhíoneolaíocha

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

—

Neamhbhainteach

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Fara

Uastáirgeacht

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht: | 9 000 |
| Aonad uastáirgeachta | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Fara Riserva

Uastáirgeacht

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht: | 8 100 |
| Aonad uastáirgeachta | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Nebbiolo N — Spanna

— Uva Rara N

— Vespolina N — Ughetta

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Fíonchaora atá beartaithe chun fíonta 'Fara' a tháirgeadh, ní mór iad a tháirgeadh i gceantair riaracháin bhardasacha Fara agus Briona.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Catagóir an táirge fíniúna*

1. Fíon

*Tuairisc ar an nasc*

A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh

Tá Fara ar an gcéad cheann de na 'bardais Novarese', mar a thugtar orthu agus síneann sé taobh leis an abhainn Sesia. Tá sé gar do Monte Rosa, agus tá Monte Fenera ó thuaidh agus Lochanna Maggiore agus Cusio siar ó thuaidh. Cumhdaítear dhá bhardas leis: Briona agus Fara Novarese. Tá limistéar ATFC Fara suite go páirteach ar ardchláir mhoiréin agus go páirteach ar leicne cnoic. Is í an fhíonchaor an táirge is tábhachtaí i measc tháirgí an limistéir. Tá breis agus míle bliain taithí ar shaothrú fíniúna, arna beachtú le himeacht aimsire bunaithe ar an meascán de thír-raon agus aeráid.

B) Sonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí

Fástar fíniúnacha Fara ar an taobh thoir de ghleann Sesia. Moiréan fada agus cothrom a shíneann ón tuaisceart go dtí an deisceart atá ann agus is ardchlár créúil den chuid is mó é an limistéar atá roinnte ina dhá stiall chnocacha. I dtéarmaí geolaíocha, is sil-leagain dhobharoighreacha iad sin a chruthaítear nuair a leáitear éadain oighearshrutha. Tá siad comhdhéanta d'ábhair a tugadh ann ar oighearshruthanna ar dtús, a tarraingíodh siar agus a athlonnaíodh ina dhiaidh sin le sruthchúrsaí a curthaíodh nuair a leáigh na hoighearshruthanna. Ar na cúiseanna sin, bíonn saintréithe iontu a mbéifí ag súil leis i sil-leagain thuiltrí: méideanna éagsúla cáithníní, clastáin mhíne agus na sil-leagain claochlaithe de bheagán, ag brath ar an aois. Go sonrach, is éard atá i sil-leagan Fara agus Briona gairbhéal deargdhonn agus púróga atá clúdaithe le pailéasal créúil deargdhonn ina bhfuil corrlomán de phúróga sileacáite claochlaithe. Tagann na púróga ón struchtúr Alpach a chruthaíonn masaíf Monte Rosa agus fánaí ghleann Sesia go ginearálta, agus rinneadh iad a chreimeadh agus a iompar thar na céadta míle bliain le fórsa an uisce in abhainn Sesia. Saintréith den limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán is ea go bhfuil ithreacha ann atá idir fo-aigéadach go han-aigéadach, mar gheall ar na leibhéil an-íseal aolchloiche. Ina theannta sin, bíonn éagsúlacht idir teocht an lae agus teocht na hoíche mar gheall ar an ngaoth fhuar ó Monte Rosa agus ó na hAlpa. Cuidíonn siad sin le próifílí aramatacha uathúla a fhorbairt, ó luibheanna íocshláinte go spíosraí, agus tugann siad struchtúr casta an-mhianrach d'fhíonta an limistéir. Tá na saintréithe céadfacha a dtugtar tuairisc orthu inaitheanta go soiléir agus inchurtha go heisiach i leith an limistéir táirgeachta sin.

C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B

Tá fíniúnacha ag fás in Fara chun fíon a dhéanamh ón gcianaimsir. Luaigh an scríbhneoir Plinias Mór iad sa chéad aois tar éis Chríost.

Caomhnaíodh sarcafagas de chuid na Róimhe ag Fara Novarese, sarcafagas a theann siar go dtí an dara céad AD. Tá inscríbhinn air ina luaitear go ndearna an t-úinéir trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus i bhfíon. Tá fianaise luachmhar ar fáil freisin i gcuntais ársa na bhfíonsaothraithe.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

Forálacha maidir le pacáistiú na bhfíonta

*An creat dlíthiúil*

Reachtaíocht an Aontais

*Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise*

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

*Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú*

1. Fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint faoi ráthaíocht 'Fara', de na cineálacha uile dá chuid, ní mór iad a bhuidéalú i mbuidéil de chineál Bordeaux nó de chineál Burgúine, de ghloine scáthaithe, í feistithe le dúntóir coirc faoi fheire.

2. Ní mór toilleadh na mbuidéal a bheith de réir mar a cheadaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, in aon chás, ní mór nach lú ná 0,375 lítear agus nach mó ná 5 lítear é, cé is moite d'aon choimeádán 2 lítear. Ceadaítear buidéil ag a bhfuil toilleadh 6, 9 agus 12 lítear chomh maith.

**Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/24147